**Aighneacht**

Éanna Ó Caollaí, Eagarthóir Gaeilge an Irish Times

Aithníonn an Irish Times gur teanga shuaithinseach í an Ghaeilge agus go bhfuil sí lárnach d'fhéiniúlacht mhuintir agus chultúr na hÉireann.

Ó na caogaidí i leith d'fhoilsigh an Irish Times ábhar le cuid de na scríbhneoirí Gaeilge ba thorthúla dá raibh ann.

Orthu siúd bhí Máirtín Ó Cadhain, Seán Ó Ríordáin agus Breandán Ó hEithir.

Cuireann an colúnaí seachtainiúil, an tOllamh Alan Titley, a tháinig roimh an coiste seo roinnt seachtainí ó shin, go mór le gradam Gaeilge an nuachtáin sa lá atá inniu ann.

Tá scoth na hiriseoireachta á chleachtadh ag iriseoirí sna meáin Ghaeilge go ginearálta agus tá lucht féachana, léitheoirí agus lucht éisteachta ar leith acu, a bhformhór mór atá tugtha don teanga cheana féin.

Maidir leis an Irish Times, feidhmíonn an nuachtán i measc na meán clóbhunaithe Béarla agus is seirbhís ar leith í an tseirbhís i nGaeilge atá á chur ar fáil dá réir.

Is féidir leis na meáin Bhéarla bheith ina ndroichead do dhaoine nach rachadh as a mbealach go minic chun teacht ar ábhar i nGaeilge agus ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an bpointe seo.

Cuireann an Irish Times ábhar as Gaeilge i láthair phobal léitheoireachta náisiúnta, cé nach gá go mbeadh a bhformhór i dtaithí ar an teanga a léamh, a scríobh, a fheiceáil nó a chloisteáil sa ghnáthshaol.

Chuige sin foilsítear Tuarascáil, leath-leathanach Gaeilge, gach Luan.

Saothair iriseoireachta agus scríbhneoireacht chruthaitheach is mó a bhíonn i gceist leis agus foilsítear ailt líonmhara agus ilghnéitheacha ann ar gach ábhar.

**Cultúr na seirbhíse poiblí**

Nuair a dhéantar plé ar ghné na seirbhíse poiblí den iriseoireacht, is ar RTÉ amháin, beagnach, a smaoinítear.

Cuireann an Stát maoiniú (níos mó ná €50 milliún) ar fáil do TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta ar bhonn bhliantúil agus is maith go ndéantar amhlaidh.

Ach, cé nach bhfuil fáil ag an Irish Times ar thacaíocht airgid den chineál sin, tá meon agus cultúr iriseoireacht seirbhíse poiblí láidir ag an nuachtán.

Bunaíodh Coimisiún Um Thodhchaí na Meán in 2020 chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí gur féidir leis na meáin aidhmeanna iriseoireacht seirbhíse poiblí a chomhlíonadh amach anseo.

In aighneacht an Irish Times do Choimisiún um Thodhchaí na Meán luadh na dúshláin atá roimh earnáil na nuachta.

De réir mar a tháinig fás ar na meáin dhigiteacha le 30 bliain anuas, tháinig titim mhór ar theacht isteach foilsitheoirí nuachta traidisiúnta.

Tá an tarraingt atá ag na comhlachtaí móra teicneolaíochta ar acmhainní chaiteachais agus fógraíochta ar cheann de na bagairtí is mó ar fhoilsitheoireacht nuachta na tíre seo anois agus sa todhchaí.

Moladh go gcuimseofaí creat nua chun maoiniú a chur ar fáil ar son fostaíochta i réimse na hiriseoireachta.

D’fhéadfadh a leithéid leas na Gaeilge a dhéanamh chomh maith.

Más é an cuspóir atá againn sciar níos mó de na daoine a chur ag léamh trí Ghaeilge is gá ábhar i nGaeilge a chur os comhair an phobail, rud a dhéanann an Irish Times le Tuarascáil.

Cén fáth nach mbeadh sé mar chuspóir ag an Stát go mbeadh ar a laghad iriseoir amháin i mbun iriseoireacht Ghaeilge ar bhonn lánaimseartha i ngach nuachtán náisiúnta agus réigiúnach sa tír?

Ba chabhair an-mhór é dá gcuirfí maoiniú ar leith ar fáil chun scéim phleanáilte thraenála agus intéirneachta a chur ar fáil sna meáin Bhéarla do chéimithe óga ar mian leo iriseoireacht a chleachtadh i nGaeilge.

Ba cheart oiliúint a bheith ar fáil freisin dóibh siúd atá ag obair sna meáin cheana féin ach ar mian leo dul i mbun eagarthóireachta agus scríbhneoireachta agus a gcuid scileanna cruthaitheacha a fhorbairt.

Ar an mbealach sin freisin d'fhéadfadh go dtiocfadh feabhas ar chumas na neagras nuachta ábhair a bhaineann le saol na Gaeilge a thuairisciú go cuimsitheach agus go feasach, ó imeachtaí Oireachtas na Gaeilge agus nuacht na Gaeltachta, go seisiúin Choiste na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Braitheann cáil an Irish Times ar a neamhspleáchas agus ar an tsaoirse tuairimíochta atá ina príomhchuspóir ag an nuachtán.

Dar ndóigh, beadh sé tábhachtach creat a aontú a chinnteodh neamhspleáchas na hearnála ionas nach mbeadh aon tionchar ag maoiniú poiblí ar an iriseoireacht féin.

Ba chabhair é freisin dá ndéanfaí taighde ceart socheolaíoch ar an léitheoireacht i nGaeilge—minicíocht, ábhar, aois ghasraí, cumais, inscne, spéiseanna, deacrachtaí agus go leor eile. Tosaíodh taighde mar sin in The Irish Language and the Irish People leis an Athair Mac Gréil i 2009. Is mithid go leanfaí den obair sin.

Tá guth neamhspleách sainiúil ag an Irish Times i gcónaí, rud atá mar bhunús le dea-cháil an nuachtáin i sochaí na tíre seo. Tá sé ina phríomhchuspóir ag an nuachtán go leanfar leis an traidisiún láidir neamhspleách sin gan cur isteach ar bith ó aon eagras príobháideach, reiligiúnach, stáit nó poiblí.

Aithníonn an Irish Times gur ghné d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann agus an domhain í an Ghaeilge agus gur teanga í atá faoi bhagairt.

Is féidir leis an Stát tionchar dearfach a imirt ar an earnáil seo ar bhealach nach gcuirtear isteach nó amach ar an neamhspleáchas sin ach a chuirfeadh go mór le feiceálacht na Gaeilge sna meáin Béarla.

Cuirtear beartais mar seo i bhfeidhm i dtíortha eile ina bhfuil an Ostair agus an Fhrainc ina measc chun cabhrú le foilsitheoirí nuachta.

Aitheantas a bheadh ansin ar ghné na seirbhíse poiblí den obair a dhéanann an Irish Times.

**Moltaí**

- Go mbeadh sé mar chuspóir ag an Stát go mbeadh ar a laghad iriseoir amháin i mbun iriseoireacht Ghaeilge i ngach nuachtán ar bhonn lánaimseartha sa tír.
- Scéim tacaíochta ar leith a bhunú chun tacú le hiriseoireacht Ghaeilge sna meáin nuachta Bhéarla.
- Scéim intéirneachta a chur ar fáil do chéimithe óga ar mian leo iriseoireacht a chleachtadh i nGaeilge.
- Ardchúrsaí i scríobh agus i ngramadach na Gaeilge a mhaoiniú dóibh siúd gur mian leo tabhairt faoi iriseoireacht na Gaeilge.
- Taighde ceart socheolaíoch ar léitheoireacht na Gaeilge.